



PREASEISIÚINT Uimh. 198/22

Lucsamburg, 8 Nollaig 2022

Breithiúnas i gCás C-694/20 | Orde van Vlaamse Balies agus páirtithe eile

An chomhrac i gcoinne na pleanála ionsaithí cánach: ní gá oibleagáid a fhorchuirtear ar an dlíodóir na hidirghabhálaithe eile lena mbaineann a chur ar an eolas agus sáraíonn sé an ceart maidir le hurraim do chumarsáid lena chliant

Tá gach idirghabhálaí eile a bhfuil baint aige le pleanáil den sórt sin, chomh maith leis an gcáiníocóir féin, faoi réir na hoibleagáide tuairiscithe sin, chun a áirithiú go gcuirtear na húdaráis chánach ar an eolas.

Le Treoir de chuid an Aontais Eorpaigh¹, ceanglaítear ar gach idirghabhálaí a bhfuil baint aige le pleanáil cánach trasteorann a d'fhéadfadh a bheith ionsaitheach (socruithe a bhféadfadh seachaint cánach agus imghabháil cánach a theacht astu) é a thuairisciú do na húdaráis chánach inniúla. Baineann an oibleagáid sin le gach duine a mbíonn baint acu le dearadh, margaíocht, eagrú nó bainistiú cur chun feidhme idirbhirt den sórt sin. Áirítear freisin iad siúd a thugann cúnamh nó comhairle agus, ina éagmais sin, an cáiníocóir féin. Féadfaidh gach Ballstát, áfach, tarscaoileadh ón oibleagáid sin a thabhairt do dhlíodóirí i gcás ina mbeadh sé ag teacht salach ar an rúndacht ghairmiúil faoina dhlí náisiúnta. I gcás den sórt sin, ceanglaítear ar na dlíodóirí idirghabhálaithe fógra a thabhairt gan mhoill d'aon idirghabhálaí eile nó don cháiníocóir lena mbaineann faoina oibleagáidí tuairiscithe vis-à-vis na húdaráis inniúla.

Foráiltear leis an bhForaithne Phléimeannach lena dtrasúitear an Treoir sin, i gcás ina bhfuil idirghabhálaí a bhfuil baint aige le pleanáil cánach trasteorann faoi cheangal ag rúndacht ghairmiúil, nach mór dó na hidirghabhálaithe eile a chur ar an eolas nach féidir leis a oibleagáid tuairiscithe a chomhlíonadh.

Chuir dhá chomhlacht dlíodóirí gairmiúla cás os comhair Chúirt Bhunreachtúil na Beilge. Dar leo, ní féidir an oibleagáid maidir le hidirghabhálaithe eile a chur ar an eolas a chomhlíonadh gan an rúndacht ghairmiúil a bhfuil dlíodóirí faoina cheangal a sháru. Cuireann Cúirt Bhunreachtúil na Beilge ceist ar an gCúirt Bhreithiúnais maidir leis seo.

Ina breithiúnas inniu, meabhraíonn an Chúirt Bhreithiúnais ar dtús go gcosnaítear rúndacht gach comhfhreagrais idir daoine aonair le hAirteagal 7 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus go dtugtar leis cosaint fheabhsaithe do mhalartuithe idir dlíodóirí agus a gcliainnt. Tá údar maith leis an gcosaint shonrach a thugtar do rúndacht ghairmiúil dlíodóirí, toisc go gcuirtear misean bunúsach de chúram orthu i sochaí daonlathach, eadhon daoine aonair a chosaint. Ceanglaítear leis an misean sin nach mór do gach duine a bheith in ann rochtain iomlán saor a bheith aige ar a dhlíodóir, rud a aithnítear sna Ballstáit ar fad. Áirítear le rúndacht ghairmiúil comhairle dhlíthiúil freisin, ó thaobh ábhair de agus go bhfuil ann dó

¹ Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE (IO 2011 L 64, Ich. 1), arna leasú le Treoir (AE) 2018/822 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2018 (IO 2018 L 139, Ich. 1).

freisin. Cé is moite de chásanna eisceachtúla, ní mór go mbeadh muinín ag cliaint go dlisteanach nach nochtfaidh a ndlíodóir, gan a dtoiliú, d'aon duine go bhfuil siad ag dul i gcomhairle leis.

Mar sin féin, de bharr na hoibleagáide a leagtar síos sa Treoir ² ar an dlíodóir idirghabhálaí atá faoi réir rúndacht ghairmiúil fógra a thabhairt gan mhoill do na hidirghabhálaithe eile faoi na hoibleagáidí tuairiscithe atá orthu, bíonn eolas ag na hidirghabhálaithe eile sin ar chéannacht an dlíodóra idirghabhálaí. Tugann siad dá n-aire freisin go bhfuil an socrú cánach faoi réir tuairiscithe agus go bhfuiltear i gcomhairle leis ina leith. **Is éard atá i gceist leis an oibleagáid fógra a thabhairt ná cur isteach ar an gceart maidir le hurraim do chumarsáid idir dlíodóirí agus a gcliaint, arna ráthú le hAirteagal 7 den Chairt.** Mar gheall ar an oibleagáid ar na hidirghabhálaithe eile fógra a thabhairt chuig na húdaráis chánach inniúla faoi chéannacht an dlíodóra idirghabhálaí agus an comhairliúchán, tá cur isteach eile ar an gceart maidir le rúndacht ghairmiúil.

Ina dhiaidh sin, déanann an Chúirt scrúdú an féidir údar cuí a thabhairt leis na cásanna de chur isteach sin, go háirithe an gcomhlíonann siad cuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas Eorpach agus an bhfuil gá leo chun na cuspóirí sin a shaothrú.

Meabhraíonn sí gur cuid den chomhar idirnáisiúnta cánach é an leasú a rinneadh in 2018 ar an Treoir arb é is aidhm dó rannchuidiú le cosc a chur ar riosca imghabhála cánach agus calaoise cánach, arb ionann é agus cuspóir leasa ghinearálta atá aitheanta ag an Aontas.

Measann an Chúirt, áfach, nach bhfuil gá leis an oibleagáid fógartha a fhorchuirtear ar dhlíodóir atá faoi réir oibleagáid na rúndachta gairmiúla chun an cuspóir seo a shaothrú. Go deimhin, ceanglaítear ar gach idirghabhálaí an fhaisnéis sin a tharchur chuig na húdaráis chánach inniúla. Ní féidir le haon idirghabhálaí a mhaíomh nach raibh sé ar an eolas faoi na hoibleagáidí tuairiscithe, a leagtar amach go soiléir sa Treoir, a bhfuil sé faoina réir go díreach agus go leithleach.

Fágann an Treoir gur duine é an dlíodóir idirghabhálaí nach féidir le hidirghabhálaithe eile, *a priori*, a bheith ag súil le haon tionscnamh uaidh de chineál a tharscaoilfí iad óna n-oibleagáidí tuairiscithe féin.

Maidir le céannacht an dlíodóra idirghabhálaí agus an comhairliúchán leis a nochtadh, ag idirghabhálaithe tríú páirtithe ar tugadh fógra dóibh amhlaidh, do na húdaráis chánach, dealraíonn sé nach bhfuil fíorghá leis chun cuspóirí na Treorach a bhaint amach ach oiread. **Leis an oibleagáid fógartha a fhorchuirtear ar idirghabhálaithe eile nach bhfuil faoi réir rúndacht ghairmiúil agus, in éagmais idirghabhálaithe den sórt sin, atá de dhualgas ar an gcáiníocóir lena mbaineann, ráthaítear, i bprionsabal, go gcuirfear na húdaráis chánach ar an eolas. Féadfaidh an t-údarás cánach, tar éis faisnéis den sórt sin a fháil, faisnéis bhreise a iarraidh go díreach ón gcáiníocóir lena mbaineann, agus féadfaidh an cáiníocóir teagmháil a dhéanamh ansin lena dhlíodóir chun cabhrú leis. Féadfaidh an t-údarás cánach grinnscrúdú a dhéanamh freisin ar staid chánach an cháiníocóra sin.**

Dá bhrí sin, measann an Chúirt nach gá an oibleagáid fógra a thabhairt atá leagtha síos sa Treoir agus, dá bhrí sin, go sáraíonn sé an ceart chun cumarsáidí idir dlíodóir agus a chliant a urramú.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid féin. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

² Airteagal 8ab(5) de Threoir 2011/16.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán](#) an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá an fhógartha.

Teagmháil phreasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355

Is féidir íomhánna d'fhógairt an bhreithiúnais a fháil ó: "[Europe by Satellite](#)" ☎ (+32) 2 2964106

Bígí nasctha!

